

NUACHTLITIR EALAÍN NA GAELTACHTA



Fáilte chuig Nuachtlitir míosúil Ealaín na Gaeltachta



**Go leor ar siúl an
mhí seo.....**

- Scéimeanna
- Ranganna
- Deiseanna
- Féilte

Féilte an Fhómhair



Éigse Dara Beag:

Inis Meáin: 4-6 Deireadh Fómhair
Féile cultúir ar Inis Meáin in ómós
don bhfile is fear uasal ón oileán,
Dara Beag Ó Fátharta.

Beidh neart ceol is craic ann ar
feadh 3 oíche. Beidh damhsa,
amhránaíocht, filíocht, ealaín
agus cainteanna ann freisin.

Tuilladh Eolais le fáil ag:

bainisteoircfínismeain@gmail.com

Féile Idirnáisiúnta Chruite Acla

25 -28 Deireadh Fómhair

Clár de scoth le ceolchoirmeacha,
ceardlanna, cainteanna agus go
leor eile ag ceiliúradh an chruit.
Tá an stáitse leagtha amach don
cheolchoirm oscailte Dé hAoine
an 25ú lá, a thaispeánfaidh cuid
de na healaíontóirí iontacha a
bheidh ag freastal ar fhéile na
bliana seo.



Imeachtaí

An tIonad Cultúrtha, Baile Mhúirne

Tá clár an fhómhair a sheoladh agus réimse breá imeachtaí idir ceoil, fisealaíon, filíocht agus scannánaíocht. Bí ag faire amach do shaothar ealaíne Thadhg Mac Suibhne, Ye Vagabonds, Doireann Ní Ghlacáin. Sarah & John Flynn, Four Men and a Dog, maraon le ceoltóirí iomráiteach na háite i gcomhlúadar iontach.



An Gailearaí, Gaoth Dobhair

Taispeántas

'Dath an Uisce/Ab Origine'
le Davig Gepp. Ar thaispeáint go dtí deireadh na míosa.

InterFace

Clár Cónaitheach d'ealaíontóirí sa nGleann Eidhneach i gConamara.

Amharclann Ghaoth Dobhair



09/10/2019:

Rún Cheannannais Mhóir

19/10/2019:

Oíche Chathranachta le Clann Mhic Ruairí

24/10/2019:

Oíche Eolais faoi Uathachas

27/10/2019:

Medea, Is dráma ón tSean Chréigis é Medea, atá clú domhanda air ar feadh scaitheimh fada.

08/11/2019 & 09/11/2019

Dráma le hAisteoirí Gaoth Dobhair
14-17/12/2019

Ceoldhráma Pobalscoil Gaoth Dobhair - "High School Musical"

Áras Inis Ghluairé, Béal an Mhuirthead

Clár imeachtaí le fáil ar an suíomh

Áras Inis Gluaire



Erris Arts Centre, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo.

Fón: 097-81079 info@arasinisgluaire.ie www.arasinisgluaire.ie

Nuacht

#OícheChultúir

Don deichiú bliain as a chéile thug imeachtaí an Oíche Chultúir deis don Gaeltacht seoid chultúrtha s'aicí a léiriú agus a cheiliúradh i measc an phobail ealaíona agus an phobai i gcoiteann.

Labhair Róisín Seoighe faoin ról a bhí aici mar Ambasadóir Gaeltachta don oíche:

"Is é oíche cultúir an oíche is tábhachtaí sa tír, a dhéanann ceiliúradh ar ár dtraidisiún Gaelach agus ar ár gcultúir.

Is é oíche cultúir an oíche is tábhachtaí sa tír, a dhéanann ceiliúradh ar ár dtraidisiún Gaelach agus ar ár gcultúir. I mo theaghlach, tá an traidisiún agus an ceol mar cuid lárnach do mo shaol agus féadfaidh tú a rá go dtáinig an cheol ón gcliabhán. Mar sin, is mór an onóir a bhí ann dhomsa a bheith ina Ambasadóir Gaeltachta d'Oíche Cultúir i mbliana. Tá an oiread ceoltóirí, cumadóirí agus amhránaithe Gaelach den chéad scoith ar fud fad na Gaeltachtaí san lá atá inniu ann. Is pribhléid a bhí ann dhomsa goraibh mé in ann aitheantas agus ardán a thabhairt do na ceoltóirí seo. Creidim go damanta go gcaithfidh muid an ceol Gaelach a chothú agus feicim na dúshláin a bhaineann le bheith ina amhránaí a scríobhann amhrán i nGaeilge, ar bealach nua-aimseartha nó amhránaithe ar an sean nós atá ag iarradh an sean traidisiún a choinneal beo. Teastaíonn aitheantas agus tacaíocht do na ceoltóirí seo chun go mairfidh an traidisiún. Táim fíor buíoch do Ealaín na Gaeltachta a thug an guth sin do ceoltóirí cumasach ag imeacht a réachtáil mé i Tigh Giblin i gConamara. Dár ndóigh, ba mhaith liom buíochas ó chroí a gabháil le gach duine a ghlac páirt in imeachtaí éagsúla ar fud fad na Gaeltachtaí. Cuireann sé gliondar croí orm go raibh mé in ann a bheith páirteach ann."



Nuacht - An Óige

Na hEalaíona Dúchasacha don Óige Ranganna



Agus na tráthnónta fad samhraidh anois i bhfad uainn, tá na ranganna sa gceoil, damhsa agus amhránaíocht i nGaeltacht Chonamara faoi lán seoil arís. Bíonn ranganna ar siúl i rith am scoile agus tá clár iar scoile fógartha chomh maith. Tá an chuid is mó de na ranganna iar scoile lán anois don chéad téarma ach tá roinnt spásanna fós ar fáil in ionaid éagsúil ach teagmháil a dhéanamh linn má tá spéis clárú. Is féidir an clár ama a fheiceáil agus clárú ar líne ag an nasc seo: www.ealain.ie

Is féidir freisin glaoch ar fhoireann An Chlár sna hEalaíona Dúchasacha don Óige ar 091-503100 nó seol ríomhphost chuig ealain@udaras.ie má ta breis eolais ag teastáil.

Cuislí Ceoil

Mar chuid de cheiliúradh ar Oíche Chultúir agus ar mhaithe le taighde leanúnach atá ar siúl ag an gClár sna hEalaíona Dúchasacha don Óige, thug Ceoltóirí Óige Chois Fharraige cuairt ar An Chrann Óg thar an deireadh seachtaine 20-22ú Meán Fómhair. Ba iad an rannpháirtíocht agus guth an óige a bhí mar phríomh théama na deireadh seachtaine, agus deis ag an dá dream theacht le chéile chun páirt a ghlacadh i sraith ceardlanna sa gceoil agus damhsa. Mar chuid den taighde a bhaineann leis an gclár, reachtaíodh fóram plé le tuairimí agus riachtanais an aos óg a nochtadh.

Chomh maith leis na ceardlanna, bhí neart deiseanna siamsaíochta agus ceoil acu chomh maith, ina measc bhí seisiúin i dTigh Hiúdaí ar an mBun Bheag ar Oíche Chultúir agus ceolchoirm spreagúil a chur in Amharclann Ghaoth Dobhair ar an oíche Shatharn 21ú Meán Fómhair. Ba léir go bhfuil sár obair ar siúl ag an dá dream agus scoth na gceoltóirí ar stáitse ag léiriú tallainne agus cumas an aos óg.



Deiseanna

Scéimeanna Ealaín na Gaeltachta

Scéim

Sparánachta 2019

Scéim atá dírithe ar
thacaíocht a chur
ar fáil d'Ealaíontóirí i
bhforbairt a gcleachtas
ealaíona.

Tá critéir agus foirm
iarratais ar fáil óna
hÁisitheoirí Ealaíon
Réigiúnach, téigh i
dtéagmháil linn.
ealain@udas.ie



Spriocdháta - 7 Deireadh Fómhair 2019



Scéim Síol

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí ar suim leo mionthionscadail nó tosaíochta ealaíon a fhorbairt. (m.sh, forbairt gairme agus oiliúint faoi leith, tacaíocht le seoladh dlúthdhiosca, réiteach taispeántais, trealamh, cothú imeachtaí beaga, féilte beaga ealaíona, srl). Spriocdháta leanúnach. Tuilleadh eolais maidir leis na scéimeanna seo go léir, foirm iarratais, critéar srl. ar fáil ó na hÁisitheoirí Ealaíon Réigiúnacha. Níl aon spriocdháta leis an scéim seo ach tá sé riachtanach teagmháil a dhéanamh leis an Áisitheoir Ealaíon Réigiúnach leis an togra a phlé sul a ndéantar iarratas.

Sonraí uilig don dá scéim thuas le fáil óna hÁisitheoirí Ealaíona -
ealain@udaras.ie

Deiseanna

An Chomhairle Ealaíon

Coinnigh do shúil amach do Scéimeanna
Maoinaithe an Chomhairle Ealaíona ag an nasc thíos.

www.artscouncil.ie



Maoiniú atá ar fáil anois:

- Scéim um Chuireadh chun Comhoibrithe:

Spriocdháta: 07 Samhain 2019

- Scéim Infheistíocht i bhFéilte:

Spriocdháta: 14 Samhain 2019

- Dámhachtain taistil agus oiliúna

Spriocdháta leanúnach

- Scéim na scríbhneoirí sna scoileanna/príosúin

Spriocdháta leanúnach

Cultúr Éireann



Cuireann Cultúr Éireann tacaíocht ar fáil d'ealaíontóirí gairmiúla ,
d'eagraíochtaí ealaíon agus do láithreoirí idirnáisiúnta chun saothar
ealaíontóirí Éireannacha a chur i láthair ag ionaid agus féilte
idirnáisiúnta.

Cuireann Cultúr Éireann maoiniú ar fáil i leith costas a bhaineann go
díreach le cur i láthair idirnáisiúnta na hócáide (costais taistil, cóiríocht
agus cothabháil). Bíonn fáilte roimh iarratais i ngach cineál/foirm
ealaíona, mar atá sainmhínithe san Acht Ealaíon 2003:

***“ciallaíonn na healaíona aon léiriú cruthaitheach nó léirmhínithe
(cibé traidisiúnta nó comhaimseartha) i cibé foirm.***

Tuilleadh Eolais faoi mhaoiniú anseo: www.cultureireland.ie/funding

Spriocdháta tábhachtach: 15/10/2019

Éigse Éireann



Coinnigh do shúil amach do deiseanna do scríbhneoirí ag an nasc
thíos.

www.poetryireland.ie/writers/opportunities/

Deiseanna

Fís Éireann



Tacaíonn an Spotlight Development Fund

le scríbhneoir, le foirne scríbhneoirí, nó le foireann scríbhneoirí agus stiúrthóirí chun tionscadal beo nó gnéscannán beoite a scríobh ón gcéim samplach den cóireála agus radhairc. Tá dámhachtainí de suas le € 8,000 ar fáil do dhuine aonair nó suas le € 10,000 i gcás foirne de bheirt nó níos mó. I gcomhar le Screen Skills Ireland, cuirfear meantóir agus eagarthóir scripte ar fáil do gach iarratasóir rathúil thar roinnt míonna.

Spríodhata: 1 Samhain 2019

Glaoch Áras Inis Gluaire Clár Taispeántais 2020/21

Glacfar le hiarratais suas go **Deireadh Fómhair 2019**. Cuirtear fáilte roimh chuile réimse ealaíona. Cuirtear fáilte chomh maith roimh tograí aonarach nó ó ghrúpa agus tabharfar 3 lá leis an taispeántas a chrochadh.

Breis eolais .09781079 www.arasinisgluaire.ie

Ealaíontóirí Cónaithe 2020 - Ionad Dealbhóireachta Liatroma



Tá Ionad Dealbhóireachta Liatroma ag tairiscint cúig Thréimhse Chónaitheacha do ealaíontóirí físiúil i 2020. Reáchtáiltear gach cónaitheacht in Ionad Dealbhóireachta Liatroma agus tá sparánacht €2,500 ag dul chuig na healaíontóirí. Tagann an chónaitheacht le taispeántas do duine amháin ag deireadh na tréimhse cónaitheacha. Chomh maith leis an sparánacht, cuirtear cóiríocht chónaitheach, stiúideo príobháideach le Wifi agus rochtain chuig na háiseanna uilig atá san Ionad. Is é an tréimhse chónaithe ná 8 seachtaine.

Spríodhata: 3 Samhain 2019

Tuilleadh eolais:

www.leitrimsculpturecentre.ie/programme/residencies

Deiseanna

TULCA - Féile na Físealaíona Clár Deonach



Ar mhaith leat a bheith páirteach i bhFéile na Físealaíona is spreagúla in Iarthar na hÉireann?

Tá iarratais a lorg ag TULCA anois ó oibrithe dheonacha d'Fhéile 2020.

Má tá neart fuinnimh agat, agus más mian leat a bheith i gcroílár na foirne spreagúla is é TULCA an áit duit!

Nuair a ghlacann tú páirt i bhFéile TULCA tugtar taithí cheart duit ar an am, fuinneamh agus tiomáint uailmhian a bhaineann le táirgeadh agus i reáchtáil Féile Ealaíona comhaimseartha.

Is mór an meas a bhíonn ag Féile TULCA ar ár oibrithe deonacha uilig mar gur thosaigh an chuid is mó d'fhoireann TULCA mar oibrithe deonacha.

Téigh i dtéagmháil le volunteer@tulca.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Foras na Gaeilge



Foras na Gaeilge

Fáiltíonn Foras na Gaeilge roimh iarratais do na Scéimeanna seo a leanas:

- Scéim Deontas Cholmcille 2019

Spríodhata - 10/10/2019

- Scéim na gCompántas Drámaíochta 2020

Spríodhata - 18/10/2019

- Scéim na bhFéilte 2020

Spríodhata - 18/10/2019



Deiseanna

Tréimhse cónaitheach gairid do rinceoir comhaimseartha le Gaeilge i Mhúscraí

Tugann Siobhán Ní Dhuinnín, Rinceoir Cónaitheach, Ionad Cultúrtha, Baile Mhúirne, Co. Chorcaí cuireadh do rinceoir nó chóréagrafaí gairmiúil le Gaolainn tréimhse seachtaine a chaitheamh san Ionad Cultúrtha.

Cuirfear na hachmhainní seo ar fáil:



- Spás cleachtadh don tseachtain (Dé Luain - Dé hAoine); mí na Samhna 2019 nó mí Eanáir 2020
- Lóistín ar feadh cúig oíche
- Táille €500
- Airgead i dtreo costaisí taistil

Spriocdháta: Méan oíche, Dé Luain 7 Deireadh Fómhair 2019.

Tuilleadh eolais/Foirm Iarratais: Siobhán Ní Dhuinnín; siobhannidhuinnin@gmail.com nó 026-45733

****Tá an scéim maoinithe ag; An Chomhairle Ealaíon, Oifig Ealaíona - Comhairle Contae Chorcaí, Ealaín na Gaeltachta le tacaíocht comhchinéal ón Ionad Cultúrtha, Baile Mhúirne.****

Ná deanaigí dearmad teagmháil a dhéanamh linn ag ealain@udaras.ie má tá aon bhlúirín eolais agaibh ar mhaith libh a fhógairt nó má tá aon chomhairle uait maidir le tionscnamh ealaíne a fhorbairt sa Ghaeltacht



Eolas Fúinn




Micheál Ó Fearraigh
Feidhmeannach Forbartha Ealaíne
r/p: m.fearraigh@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Muireann Ní Dhroighneáin
Áisitheoir Ealaíona Connacht & Co. na Mí
r/p: m.nidhroighneain@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100



Rachel Holstead
Áisitheoir Ealaíona Mumhan
r/p: r.holstead@udaras.ie
t: +353 (0)66-9150100



Danielle Nic Pháidín
Áisitheoir Ealaíona Thír Chonail
r/p: d.nicphaidin@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Elaine Schail
Comhordaitheoir sna hEalaíona Dúchasacha don Óige
r/p: e.scahill@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100